

Ceacht 3



A aithint gur féidir le roinnt fógraíochta mothúcháin a úsáid chun tionchar a imirt ar dhaoine agus a chur ina luí orainn go bhfuil rud éigin de dhíth orainn

Cuspóir Foghlama

Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann a aithint gur féidir le roinnt fógraíochta mothúcháin a úsáid chun tionchar a imirt ar dhaoine agus a chur ina luí orainn go bhfuil rud éigin de dhíth orainn.

Toradh Foghlama

Sainaithe raon mothúchán mar a chuirtear iad i láthair sna meáin agus sainaithe roinnt fógraíochta ina n-úsáidtear mothúcháin chun tionchar a imirt orainn agus a chur ina luí orainn go bhfuil rud éigin ag teastáil uainn nó de dhíth orainn. Ceistigh fógraí agus a dteachtaireachtaí i ndáil leis na mothúcháin a spreagann siad ionainn agus faigh tuiscint ar an ról a bhíonn ag daoine cáiliúla a chur ina luí orainn go bhfuil rud éigin ag teastáil uainn nó de dhíth orainn.

Nótaí an Mhúinteora

Is éard is riachtanas ann rud éigin a gcaithfidh tú é a bheith agat, rud éigin nach féidir leat déanamh gan é, mar shampla aer nó uisce. Is éard is mian ann rud éigin ba mhaith leat a bheith agat, mar shampla péire bróg reatha, nó barra seacláide. Tá roinnt rudaí a théann isteach sa dá chatagóir. Ag brath ar an gcineál bia, d'fhéadfadh gur riachtanas é (uisce, próitéin, glasraí/torthaí) nó gur mian é (seacláid, milseáin).

Sa mhéid go mbaintear úsáid as an bhfógraíocht chun tathant ar ár mothúcháin, is féidir leis an bhfógraíocht dul i bhfeidhm ar na nithe a mheasaimid atá uainn. Bíonn ról ag daoine cáiliúla sa tionchar sin a imirt orainn. Is féidir leis a bheith dúshlánach do leanaí an difríocht idir riachtanais agus mianta a thuiscint. Is minic a mheasann leanaí go bhfuil rud éigin riachtanach dóibh, mar shampla bréagán, cluiche nó sólaiste, ach déanta na fírinne is mian atá ann. Is scil thábhachtach í an difríocht idir riachtanas agus mian a thuiscint is minic a chuireann ár mothúcháin mearbhall orainn mar go measaimid go bhfuil rud riachtanach dúinn cé nach bhfuil ann ach gur mian é.

Baintear úsáid as na mothúcháin sna meáin chumarsáide agus san fhógraíocht. Samhlaímid gaol idir mothúcháin áirithe agus táirge nó branda ar leith, mar go gceapaimid má tá branda ar leith againn go mbraithimid níos fearr, go bhféachfaimid níos fearr nó go mbeimid níos sona/níos sábháilte.

Acmhainní

- An físeán *An Teachtaireacht agus na Mothúcháin is bun leis na Meáin Chumarsáide*
- An ghníomhaíocht idirghníomhach *Riachtanais agus Mianta*
- Gníomhaíocht 3.1
- Fógraí ó shuíomh gréasáin MediaWise

Modheolaíocht

- Caint agus plé – Gaol a aithint idir na nithe a fheicimid agus na nithe a mhothaímid; Fógraíocht agus Mothúcháin
- Comharfhoghlaim – Cad a mhothaíonn tú?; Cad é sprioc an fhógra?
- Scileanna trí mheán an ábhair – An físeán *An Teachtaireacht agus na Mothúcháin is bun leis na Meáin Chumarsáide*; An ghníomhaíocht idirghníomhach *Riachtanais agus Mianta*

Ceacht 3



Cur Chuige

Céim 1: An físeán An Teachtaireacht agus na Mothúcháin is bun leis na Meáin Chumarsáide

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr mar gheall ar riachtanais agus ar mhianta.
- Seinn an físeán An Teachtaireacht agus na Mothúcháin is bun leis na Meáin Chumarsáide atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Cuir an físeán ar sos agus iarr ar na leanaí an bhfaca siad aon samplaí de riachtanais nó de mhianta san fhíseán.
- Tar éis an fhíseáin fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad nó ar chuala siad aon rud nach raibh ar eolas acu cheana faoi riachtanais agus faoi mhianta.
- Mínigh do na leanaí gur féidir linn mearbhall a bheith orainn mar gheall ar na nithe atá riachtanach dúinn agus na nithe ar mhian linn iad a bheith againn.
- Mínigh do na leanaí go mbaintear an-úsáid as mothúcháin sna meáin chumarsáide agus san fhógraíocht.

The message & emotion behind the media



Físeán

Céim 2: Gaol a aithint idir na nithe a fheicimid agus na nithe a mhothaímid

- Iarr ar na leanaí an féidir leo aon mhothúcháin a ainmniú?

Seans go luafaidh siad sonas, míshonas, imní, leadrán, spéis, ionadh, eagla.

- Fiafraigh de na leanaí cathain a bhraithfidís sonas, míshonas, imní, leadrán, spéis, ionadh, eagla?
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go ndeartar fógraí sa chaoi is go spreagfar mothúcháin ionainn, a bhféadfaimis iad a shamhlú le táirge ar leith.
- Fiafraigh de na leanaí an mothaíonn siad mothúcháin éagsúla nuair a fhéachann siad ar fhógra le haghaidh táirge áirithe?

Seans go luafaidh na leanaí go mbíonn siad sonasach nuair a fheiceann siad fógra do bhréagán, do bhia nó do chluiche.

- Mínigh dóibh go gcaitear a lán ama agus airgid ag déanamh deimhin de go mothaímid mothúcháin ar leith nuair a fhéachaimid ar fhógra do tháirge ar leith?

Céim 3: An ghníomhaíocht idirghníomhach Riachtanais agus Mianta

- Mínigh do na leanaí gur féidir leo triail a bhaint as gníomhaíocht idirghníomhach chun an difríocht a thuiscint idir riachtanais agus mianta.
- Oscail an ghníomhaíocht idirghníomhach *Riachtanais agus Mianta* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie, ina dtaispeántar táirgí difriúla ar riachtanais iad nó ar mianta iad ag na leanaí. Seo a leanas na híomhánna: úll (mar léiriú ar bhia folláin), seacláid (mar léiriú ar bhia nach bhfuil folláin), geansaí (mar léiriú ar éadaí), leaba (mar léiriú ar an riachtanas codlata), liathróid pheile (mar léiriú ar ghleacaíocht), Xbox (mar léiriú ar chluichí ríomhaireachta), bréagáin (mar léiriú ar bhréagáin nua agus ar shúgradh), cóir leighis, greannán (mar léiriú ar léitheoireacht), iPad (mar léiriú ar chluichí ar líne & aipeanna), uisce, clár nuachta (mar léiriú ar eolas).
- Tabhair an deis do na leanaí a aithint cé acu is riachtanas ann agus cé acu is mian ann.
- Iarr ar na leanaí cúiseanna a thabhairt lena rogha.



Ghníomhaíocht Idirghníomhach

Céim 4: Fógraíocht agus Mothúcháin

- Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil ceithre sprioc leis an bhfógraíocht:
 - Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
 - Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
 - Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
 - Dearcadh a chur chun cinn
- Mínigh go mbaintear úsáid as mothúcháin san fhógraíocht ionas go mothóimid rud éigin a chuirfidh ina luí orainn táirge a cheannach nó ár n-iompraíocht a athrú.
- Mínigh do na leanaí go ndeartar fógraí sa chaoi is go mothóimid mothúcháin ar leith.
- Fiafraigh de na leanaí an aontaíonn siad le go n-imríonn tionscal na fógraíochta tionchar ar dhaoine ar an mbealach sin?
- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil an dara rogha acu mothúcháin a spreagann fógra a mhothú nó nach bhfuil?
- Inis do na leanaí gur féidir leo fógraí a cheistiú agus gur chóir dóibh é sin a dhéanamh.

Ceacht 3



Cur Chuige ar lean

Céim 5: Cad a mhothaíonn tú?

- Inis do na leanaí go bhfuil daoine sna meáin a bhaineann úsáid as gnéithe amhail lógónna, ainmneacha branda, íomhánna agus dathanna, teanga/focail, carachtair agus ainmhithe, fuaim agus ceol, daoine cáiliúla, tairiscintí speisialta, mar shampla bronntanais saor in aice, lascaíní, ‘ceannaigh ceann agus faigh ceann saor in aisce, táirgí ollmhóra, 50% sa bhreis nó síntiúis scannán chun tathant orainn raon mothúchán a mhothú.
- Baintear leas as na seifteanna sin go léir chun a chur ina luí orainn raon mothúchán a mhothú.
- Míneigh do na leanaí gur féidir leo an coincheap sin a thástáil (go spreagann fógraíocht mothúcháin ar leith ionainn).
- Míneigh dóibh gurb é is slúán ann ná frása a bhfuil sé éasca cuimhneamh air agus a spreagfadh duine chun táirge a cheannach nó a úsáid.
- Inis do na leanaí gur bealach amháin iad slúáin ina spreagann an fhógraíocht mothúcháin dhearfacha ionainn mar gheall ar tháirge ar leith.
- Abair leis an rang go bhfuil siad chun tabhairt faoi ghníomhaíocht maidir le slúáin agus go ndéanfaidh siad é i bhfoirne, i mbeirteanna nó mar rang iomlán.
- Léigh amach gach ceann de na slúáin seo a leanas agus fiafraigh de na leanaí ar chuala siad cheana é. Iarr orthu a bhreacadh síos más rud é go spreagann an slúán mothúchán ar leith iontu (is féidir úsáid a bhaint as Gníomhaíocht 3.1 chuige sin).
 1. Banz Meanz Heinz (Heinx Beans)
 2. Snap! Crackle! Pop! (Rice Krispies)
 3. Are you a Cadburys fruit and nut case? (Cadburys Fruit And Nut)
 4. So fresh its famous. (Pat the Baker)
 5. The fillet of cheddar. (Kilmeaden Cheddar)
 6. Every day should have its golden moments. (Barrys Tea)
 7. Today’s bread, today. (Brennans Bread)
 8. Does Exactly What It Says On The Tin? (Ronseal)
 9. Every Little Helps? (Tesco)
 10. Taste The Rainbow (Skittles)
 11. Eat Fresh (Subway)
 12. They’re Grrrrrrreat! (Kelloggs Frosties)
 13. I’m lovin’ it (McDonalds)
 14. Just Do It (Nike)
 15. Finger Lickin’ Good (KFC)
 16. Have it your way (Burger King)
 17. Melts in your mouth, not in your hands (M&M)
 18. The happiest place on earth (Disney World)
 19. It’s the real thing (Coca-Cola)
 20. The best a man can get (Gillette)
- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil cur amach acu ar aon slúán cú eile do tháirgí ar leith.
- Míneigh do na leanaí gur bealach iontach iad slúáin chun táirge a chur chun cinn mar go smaoineoidh daoine ar an táirge nuair a chloisfidh siad an slúán.
- Míneigh dóibh gur féidir le daoine mothúcháin dhearfacha a bheith acu i leith táirge nuair a chloiseann siad slúán atá ar eolas acu.

	Cad a mhothaíonn tú?	Cad a cheannachann tú?
Beanz Meanz Heinz		
Snap! Crackle! Pop!		
Are you a Cadburys fruit and nut case?		
So fresh its famous.		
The fillet of cheddar.		
Every day should have its golden moments.		
Today’s bread, today.		
Does Exactly What It Says On The Tin?		
Every Little Helps?		
Taste The Rainbow		
Eat Fresh		
They’re Grrrrrrreat!		
I’m lovin’ it		
Just Do It		
Finger Lickin’ Good		
Have it your way		
Melts in your mouth, not in your hands		
The happiest place on earth		
It’s the real thing		
The best a man can get		

Gníomhaíocht 3.1

Ceacht 3



Cur Chuige ar lean

Céim 6: Ciorcal Fuaime Fógraíochta

- Mínígh dóibh go bhfuilimid timpeallaithe ag na meáin chumarsáide an t-am ar fad. Níl sa sluán ach bealach amháin chun fógraíocht a dhéanamh. Mar thoradh air sin seans nach dtabharfaimis faoi deara go bhfuil a lán fógraíochta á feiceáil againn gach lá.
- Bain úsáid as na sláin ar an leathanach roimhe seo, agus iarr ar na leanaí ceann amháin a roghnú agus siúl timpeall an tseomra á aithris. Abair leo tosú go ciúin agus éirí níos glóraí agus níos glóraí. De réir mar a éiríonn sluáin níos glóraí, bíonn sé níos deacra idirdhealú eatarthu.
- Nuair a bheidh deireadh déanta ag na leanaí, inis dóibh nár úsáid siad ach 20 sluán don ghníomhaíocht sin. Déanta na fírinne is féidir linn suas le 1,500 teachtaireacht ó na meáin a chloisteáil nó a fheiceáil gach lá. Sin an-chuid teachtaireachtaí!

Céim 7: Gnéithe na Fógraíochta

- Fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad riamh daoine cáiliúla nó carachtair nó ainmhithe i bhfógraíocht?
- Bíonn ról mór ag daoine cáiliúla sa tionchar a imrítear orainn chun a chur ina luí orainn go bhfuil rud ag teastáil uainn nó de dhíth orainn.
- Mínígh dóibh go mbaineann cuideachtaí fógraíochta úsáid as daoine cáiliúla nó as carachtair nó ainmhithe chun a chur ina luí orainn a dtáirge a úsáid nó a cheannach.
- Fiafraigh de na leanaí cén duine cáiliúil a bheadh oiriúnach chun na táirgí seo a leanas a chur chun cinn – liathróid pheile nua, deoch shúilíneach, bábóg nua, zú, táibléad nó fón nua, barra seacláide.
- Cuir i gcuimhne dóibh go mbíonn na daoine a chruthaíonn na meáin an-chúramach faoi na gnéithe a bhaineann lena dtáirgí meáin. Baintear an-leas as lógónna, sluáin, daoine cáiliúla agus carachtair/ainmhithe i bhfógraíocht. Abair leis na leanaí a bheith ag breathnú amach do lógónna, sluáin, daoine cáiliúla agus carachtair/ainmhithe san fhógraíocht.

Céim 8: Cad é sprioc an fhógra?

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun breathnú, mar rang iomlán, ar fhógraí ón suíomh MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis gach fógra, fiafraigh de na leanaí cad iad na mothúcháin a spreag gach fógra iontu?
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo go ndéanfaidís rud díreach toisc gur ghríosaigh an fógra iad chuige?
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo gur chóir do mhothúcháin iad a spreagadh rud éigin a dhéanamh sa mhéid gur spreag an fógra na mothúcháin sin iontu?
- Fiafraigh de na leanaí ar cuireadh ina luí orthu rud éigin a dhéanamh nó a mhothú mar thoradh ar fhógra éigin riamh?
- An raibh tionchar ag an mothúcháin sin ar an gcinneadh déanamh amhlaidh?
- An raibh duine cáiliúil san fhógra? An imríonn sé sin tionchar ar do thuairim faoin táirge?
- Mínígh do na leanaí gur chóir dóibh a gcinneadh féin a dhéanamh cad is cóir dóibh a smaoineamh agus a dhéanamh, beag beann ar theachtairachtaí san fhógraíocht.
- Mínígh do na leanaí go ndéanfaidh fógraíocht iarracht a chur ina luí orainn a lán rudaí éagsúla a dhéanamh trí mhothúcháin a spreagadh ionainn, ach tá sé an-tábhachtach do chinntí féin a dhéanamh.